15.10.2020 A9-0166/7

**Leasú 7**
**Thierry Mariani, Harald Vilimsky**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0166/2020**
**Dragoş Tudorache**
Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (2019/2201(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ag tabhairt dá haire ***conclúidí*** ó ***chomhairliúchán CAI i Márta*** 2020 ***maidir le hAirteagal IV agus an séú hathbhreithniú, arb é an ceann críochnaitheach é, ó Bhord CAI ar fheidhmíocht eacnamaíoch na Moldóive faoin tSaoráid Chreidmheasa Shínte*** agus ***faoi na socruithe*** maidir le ***Saoráid Chistiúcháin Fhadaithe Shínte***, go ***háirithe maidir le córas baincéireachta na Moldóive a athshlánú agus rialachas na hearnála airgeadais a neartú***; | 3. ag tabhairt dá haire ***gur scaoileadh an dara tráinse maoinithe*** ó ***Chlár an Aontais Eorpaigh don Chúnamh Macrairgeadais don tréimhse 2017-***2020***; ag tabhairt aitheantas do na hiarrachtaí atá déanta ag na húdaráis chun go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha ábhartha i dtaca le, inter alia, an creat frithsciúrtha airgid a neartú*** agus ***dlí nua*** maidir le ***gníomhaíochtaí ENRanna a ghlacadh***, ***agus ag tabhairt dá haire*** go ***bhfuil an Mholdóiv tar éis teacht isteach i gclár piar-athbhreithnithe ECFE i gcoinne éilliú (Plean Gníomhaíochta Iostanbúl)***; |

Or. en

15.10.2020 A9-0166/8

**Leasú 8**
**Thierry Mariani, Harald Vilimsky**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0166/2020**
**Dragoş Tudorache**
Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (2019/2201(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 23**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 23. ag cur in iúl gur cúis bhuartha di ardleibhéal comhchruinnithe agus polaitithe in earnálacha na meán agus na fógraíochta, rud as a n-eascraíonn leibhéal íseal muiníne sna meáin a bheith ***ag an bpobal; á iarraidh ar údaráis na Moldóive leanúint den athchóiriú ar earnáil na meán le rannpháirtíocht níos láidre na sochaí sibhialta sa phróiseas, go háirithe, á iarraidh ar Phoblacht na Moldóive athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód closamhairc agus an margadh fógraíochta a léirscaoileadh i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha maidir le saoirse agus iolrachas na meán, mar a mhol an Coimisiún agus Coimisiún na Veinéise, d'fhonn trédhearcacht iomlán úinéireacht na meán agus an mhargaidh fógraíochta a áirithiú;*** | 23. ag cur in iúl gur cúis bhuartha di ardleibhéal comhchruinnithe agus polaitithe in earnálacha na meán agus na fógraíochta, rud as a n-eascraíonn leibhéal íseal muiníne sna meáin a bheith i ***measc shaoránaigh*** na ***Moldóive;*** |

Or. en

15.10.2020 A9-0166/9

**Leasú 9**
**Thierry Mariani, Harald Vilimsky**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0166/2020**
**Dragoş Tudorache**
Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (2019/2201(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 80**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 80. á chur in iúl gur geal léi an Straitéis Náisiúnta 'An Moldóiv Dhigiteach 2020' ach á éileamh ar an gCoimisiún tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do chláir agus d'athchóirithe a bhaineann le litearthacht meán agus faisnéise chun léiriú a thabhairt ar an aois dhigiteach atá ann faoi láthair, chomh maith le feabhas a chur ar an gcomhar earnálach sa gheilleagar digiteach; á ***iarraidh ar Phoblacht*** na Moldóive ***geilleagar*** margaidh digiteach iontaofa a fhorbairt, lena ***bhfeabhsófar*** an ***gá atá le*** dul chun cinn ***a dhéanamh ó thaobh*** sonraí oscailte ***de***, ***lena leathnófar*** an ***cead do chórais dhigiteacha*** a ***aimsiú*** agus ***lena méadófar an rochtain do*** shaoránaigh ***ar sheirbhísí leictreonacha*** agus ***ar réitigh éagsúla chumarsáide***; | 80. á chur in iúl gur geal léi an Straitéis Náisiúnta 'An Moldóiv Dhigiteach 2020' ach á éileamh ar an gCoimisiún tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do chláir agus d'athchóirithe a bhaineann le litearthacht meán agus faisnéise chun léiriú a thabhairt ar an aois dhigiteach atá ann faoi láthair, chomh maith le feabhas a chur ar an gcomhar earnálach sa gheilleagar digiteach; á ***chur in iúl gur geal léi iarrachtaí*** na Moldóive ***fíorgheilleagar*** margaidh digiteach iontaofa a fhorbairt, lena ***n-áirítear*** an dul chun cinn ***atá déanta maidir le*** sonraí oscailte ***a fhorbairt***, ***rochtain ar sheirbhís teilifíse dhigiteach agus ar sheirbhísí gréasáin fíorúla a leathnú,*** an ***líon seirbhísí cumarsáide leictreonaí dá saoránaigh*** a ***mhéadú,*** agus ***rollaí poiblí amhail MTender a chur ar bun; á chur i bhfios, thairis sin, go gcaithfear iarrachtaí a dhéanamh chun cearta agus riachtanais shaoránaigh na Moldóive a úsáideann an t-idirlíon a chosaint agus go ndéanfar na ceanglais le haghaidh margadh digiteach aonair a chur chun feidhme ina n-iomláine;*** |

Or. en